

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

AN tACHT UM SHAORÁIL FAISNÉISE, 1997

Leabhar Tagartha maidir le hAlt 15 agus Alt 16

ISSN 1393-6638

CLÁR NA nÁBHAR – LEABHAR TAGARTHA MAIDIR LE hALT 15 AGUS ALT 16

- 1. RÉAMHRÁ leathanach 1**
- 2. CUR SÍOS AGUS FEIDHMEANNA leathanach 3**
- 3. RÁITEAS MISIN leathanach 4**
- 4. STRUCHTÚR AGUS EAGAR leathanach 5**
- 5. GLUAIS NA dTÉARMAÍ leathanach 6**
- 6. ROCHTAIN AR FAISNÉIS LAISTIGH DE
LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN leathanach 7**
- 6.1 Iarratais faoin Acht**

- 6.2 An ceart athbhreithnithe agus achomhairc
- 6.3 Athbhreithniú inmheánach
- 6.4 Athbhreithniú ag an gCoimisinéir Faisnéise
- 7. **TÁILLÍ leathanach 10**
- 8. **MIONDEALÚ STRUCHTÚRACH AR AN LEABHARLANN DE RÉIR RANNÁIN leathanach 11**
 - 8.1 Eagar agus Bainistiú
 - 8.2 **Bailiúcháin**
 - 8.2.1 **Leabhair Chlóite**
Nuachtáin agus Tréimhseacháin
Foilseacháin an Rialtais
 - 8.2.2 **Priontaí agus Líníochtaí**
Grianghraif
Earraí Inbhailithe
 - 8.2.3 **Rannóg na Lámhscríbhinní**
Léarscáileanna
 - 8.3 **Seirbhísí Léitheora**
 - 8.4 **Seirbhísí Oideachais**
 - 8.5 **An Oifig Ginealais**
- 9. **LEABHAR TAGARTHA maidir le hALT 16 leathanach 19**
 - 1. **RÉAMHRÁ**

Tá trí cinn de chearta reachtúla á mbunú leis an *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997*:

go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach aon duine rochtain a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí maidir leis/léi;

go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach aon duine faisnéis oifigiúil a bhaineann leis/léi a bheith ceartaithe sa chás go bhfuil an fhaisnéis sin neamhiomlán, mícheart nó míthreorach;

go bhfuil ceart dlíthiúil ag gach aon duine ar na cúiseanna le cinntí a bhaineann leis nó léi féin a fháil.

Dearbhaíonn an tAcht an ceart atá ag bail den phobal rochtain a dhéanamh ar eolas oifigiúil, a mhéid is féidir ach atá fós ar aon dul le leas an phobail agus le ceart an duine aonair chun príobháideachta.

Cuireadh le chéile agus foilsíodh an Leabhar Tagartha seo i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha

amach in Alt 15 agus 16 den Acht. An cuspóir atá ann ná na nithe seo a leanas a dhéanamh le go mbeidh teacht ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:-

- struchtúr agus feidhm na Leabharlainne a leagan amach;
- sonraí a thabhairt ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil agus an chaoi ar féidir iad a úsáid;
- faisnéis a thabhairt ar na haicmí de thaifid atá againn;
- an nós imeachta a thabhairt d'iarraitais faoin Acht *um Shaoráil Faisnéise, 1997*.

Faisnéis a bhíonn ar Fáil go Gnáthúil

Cuireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faisnéis ar fáil go gnáthúil don phobal i dtaca le feidhmeanna, gníomhaíochtaí agus seirbhísí na Leabharlainne. Beidh faisnéis mar sin ar fáil go neamhfhoirmiúil fós gan gá a bheith ann an tAcht um Shaoráil Faisnéise a úsáid. Sa leabhar tagartha seo, cuirtear in iúl na cásanna a mbíonn faisnéis mar sin le fáil i dtaca le gach ceann de ghníomhaíochtaí na Leabharlainne.

Tá an tAcht um Shaoráil Faisnéise deartha le go mbeidh teacht ag an bpobal ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí **nach mbíonn ar fáil go gnáthúil** ó fhoinsí eile. Tá rochtain ar fhaisnéis faoin Acht faoi réir díolúintí áirithe agus bíonn nósanna imeachta agus teorainneacha ama ar leith ann. Sa leabhar tagartha seo tá treoir do struchtúr na Leabharlainne ionas go mbeidh tú in ann teacht ar fhaisnéis de réir an Achta um Shaoráil Faisnéise.

Leabhar Tagartha maidir le hAlt 16 - Rialacha agus gnása Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Le hAlt 16 den *Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997*, ceanglaítear go bhfoilseofar faisnéis maidir leis na rialacha agus cleachtais a bhaineann le cinntí áirithe a dhéanann comhlachtaí poiblí. Tá siad sin leagtha amach i gCuid 9 den doiciméad seo - ***Leabhar Tagartha maidir le hAlt 16 - Rialacha agus gnása Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*** - ina leagtar amach na rialacha, nósanna imeachta, gnása, treoirlínte, etc., a úsáidtear chun críocha cinntí, socruithe agus moltaí faoi scéimeanna atá i bhfeidhm ag an Leabharlann.

Rúndacht

Déanann an Leabharlann gach iarracht déileáil faoi rún le haon fhaisnéis a fhaightear faoi réir oibleagáidí na Leabharlainne de réir dlí, lena n-áirítear *an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997*. Má theastaíonn ó aon duine nach nochtfar aon fhaisnéis a thabharfar don Leabharlann mar gheall ar íogaireacht na faisnéise, ba chóir don duine sin an méid sin a chur in iúl agus na cúiseanna leis an íogaireacht sin a shonrú agus an fhaisnéis á cur ar fáil. Rachaidh an Leabharlann i gcomhairle le haon duine nó comhlacht a chuirfidh faisnéis íogair mar sin ar fáil sula ndéanfar aon chinneadh ar aon iarratas saorála faisnéise a gheofar ina leith.

2. CUR SÍOS AGUS FEIDHMEANNA

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis an *Dublin Science and Art Museum Act, 1877*, agus tá sí ag feidhmiú ó shin faoi mhaoirseacht ó Chomhairle dáréag Iontaobhaithe, ochtar acu arna gceapadh ag Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus ceathrar acu ag an Stát. Is státseirbhísigh de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán iad baill foirne na Leabharlainne. Tá an tAire atá i bhfeighil na Roinne sin iomlán freagrach as an eagraíocht.

Is é is cuspóir do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, mar a leagadh amach i bPlean Straitéiseach 1992-97, leanúint ar aghaidh agus ábhar a bhaineann le hÉirinn nó atá bunaithe ar Éirinn a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil, bíodh in Éirinn nó thar lear a foilsíodh an t-ábhar, chomh maith le bailiúchán tagartha tacaíochta.

Tá na réimsí seo le fáil i mbailiúcháin na Leabharlainne:

- Leabhair Chlóite
- Nuachtáin agus Tréimhseacháin
- Foilseacháin an Rialtais
- Priontaí agus Líníochtaí
- Grianghraif
- Lámhscríbhinní (lena n-áirítear lámhscríbhinní na hOifige Ginealais)
- Léarscáileanna
- Earraí Inbhailithe

Mar achoimre, d'fhéadfaí breathnú ar fheidhm na Leabharlainne Náisiúnta ná go bhfuiltear ag obair chun taifid na hÉireann agus a muintire a chaomhnú sa mhéid go bhfuil taifead déanta de sin i leabhar, lámhscríbhinn, léarscáil nó léaráid.

Anuas air sin, tá Ionad ISSN na hÉireann á reáchtáil ag an Leabharlann agus foilsíonn an Leabharlann an taifead bliantúil de shaothar bibleagrafaíochta na hÉireann, is é sin The Irish Publishing Record.

Ar fheidhmeanna riaracháin agus coimeádaíochta na Leabharlainne tá:

- na dálaí is fearr a chur ar fáil chun nithe atá bailithe a stóráil, a chosaint agus a chaomhnú;
- forbairt leanúnach a dhéanamh ar chórais chatalógaithe;
- forbairt leanúnach a dhéanamh ar bheartas sealbhuithe i gcomhair ábhar prionta agus ábhar nach bhfuil i bprionta;
- na dálaí is fearr a chur ar fáil d'úsáideoirí agus do bhaill foirne.

Tá an Oifig Ginealais, roimhe seo Oifig Mhórmhaor Armais Uladh, ag feidhmiú mar chraobh de

chuid na Leabharlainne

Náisiúnta. Tá an Oifig sin freagrach as maoin araltais a dhearadh, a thabhairt agus a chlárú in Éirinn. Tá an ról ag Stiúrthóir na Leabharlainne mar Phríomh-Aralt na hÉireann chomh maith agus is iad oifigigh de chuid na Leabharlainne atá ag obair san Oifig sin.

3. RÁITEAS MISIN

“Tá sé mar aidhm ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a bhailiú, a chaomhnú agus a chur ar fáil a bhaineann le hÉirinn agus taifead cruinn a thabhairt de shaothar na hÉireann i mbailiúcháin lámhscríbhinní, i mbailiúcháin d’ábhar clóite agus i mbailiúcháin i meáin eile d’úsáideoirí na linne seo agus d’úsáideoirí amach anseo agus teacht a bheith ar an ábhar go pras tráthúil agus saor in aisce acu siúd a bhfuil fíor-riachtanais taighde acu. Is é is aidhm don Leabharlann ábhar tagartha a fháil chun tacú lena bailiúcháin agus bailiúchán bunúsach d’ábhar tagartha a chaomhnú mar a bheadh oiriúnach i Leabharlann Náisiúnta Eorpach agus na feidhmeanna sin a chomhlíonadh ar an mbealach is éifeachtaí ó thaobh costais de. Is é is cuspóir di taighde agus foilseacháin a úsáid chun gach leas a bhaint as a hacmhainní agus chun comhoibriú a spreagadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach. Is é is aidhm di freagairt go tuisceanach ar riachtanais lucht a húsáidte agus a bheith fáilteach roimh na meáin nua agus an teicneolaíocht nua agus ar an eolas fúthu sin.”

Plean Straitéiseach LNÉ, 1992-1997

Réimsí Gníomhaíochta

Agus misean na Leabharlainne á bhaint amach, féachfar leis na nithe seo a dhéanamh, *inter alia*:

- éascaíocht a dhéanamh ar thaighde, é a spreagadh, cuidiú a thabhairt ina leith agus é a chur chun cinn, taighde ginealais san áireamh, sa Leabharlann;
- éascaíocht a dhéanamh chun armas a dheonú agus a dheimhniú, é sin a spreagadh, cuidiú a thabhairt ina leith agus é a chur chun cinn;

- socrúithe a dhéanamh chun seirbhís leabharlainne agus faisnéise a chur ar fáil don phobal;

-
- an Leabharlann a chothú agus a chur chun cinn mar lárionad náisiúnta tagartha, don taighde, do sheirbhísí bibleagrafaíochta agus do sheirbhísí faisnéise eile;
 - an Leabharlann a chothú agus a chur chun cinn mar chuid lárnach den chultúr náisiúnta.

4. STRUCHTÚR AGUS EAGRÚ LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Is ar an **Stiúrthóir** atá an fhreagracht iomlán as riarachán na Leabharlainne.

Tá triúr **Coimeádaithe** ann a thuiriscíonn don Stiúrthóir mar seo a leanas:

- Tá **Coimeádaí na mBailiúchán** freagrach as forbairt a dhéanamh ar bhailiúcháin na Leabharlainne agus as cúram a dhéanamh díobh.
- Tugann **Coimeádaithe Cúnta** cúnaimh do Choimeádaí na mBailiúchán agus tá siadsan freagrach as réimsí ar leith de na bailiúcháin.
- Déanann **Oifigeach Caomhnaithe** na Leabharlainne monatóireacht ar ghnéithe de chúram na mbailiúchán a bhaineann leis an gcaomhnú.
- Tá **Coimeádaí na gCóras** freagrach as an bhforbairt teicneolaíochta agus as nósanna imeachta ginearálta na Leabharlainne.
- Bíonn na **Coimeádaithe Cúnta** atá freagrach as forbairt na bhfoirgneamh agus as seirbhísí léitheora ag tuairisciú do Choimeádaí na gCóras.
- Tá **Grianghrafadóir** na Leabharlainne ar dualgas áit a bhfuil seirbhísí an léitheora (Seirbhísí Athghrafacha).
- Tá an teideal Leas-Phríomh-Aralt ag an **gCoimeádaí (An Oifig Ginealais)** agus tá an té sin freagrach as an Oifig Ginealais a riar ó lá go lá.

Tá **Cúntóirí na Leabharlainne** ag obair faoi threoir ó **Oifigeach Riaracháin na Leabharlainne** agus **Cúntóirí Sinsearach na Leabharlainne**.

Tá baicle bheag de bhaili foirne tacaíochta ann chomh maith, **Oifigigh Chléireachais, Maoir** agus **Glantóirí**.

5. GLUAIS NA dTÉARMAÍ

Téarma	Sainmhíniú
ISSN	Is éard is Sraithuimhir Chaighdeánach Idirnáisiúnta (ISSN) ann cód a úsáidtear go hidirnáisiúnta faoi choinne sraitheachán. Tá Ionad ISSN na hÉireann i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freagrach as sraitheacháin a fhoilsítear in Éirinn a uimhriú agus a chlárú.
Taifid	Taifid a bhaineann le riarachán na Leabharlainne Náisiúnta (seachas na bailiúcháin - ábhar leabharlainne - atá i seilbh na Leabharlainne).

6. ROCHTAIN AR FHAINÉIS LAISTIGH DE LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA

hÉIREANN

6.1 Iarratais faoin Acht

De réir an Achta um Shaoráil Faisnéise, tá gach aon duine i dteideal iarratas a dhéanamh ar rochtain ar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil don phobal ar bhealach éigin eile. Tá sé de cheart ag gach duine:

- rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh na Leabharlainne,
- Aon fhaisnéis phearsanta a bhaineann leis an duine atá i seilbh na Leabharlainne a bheith ceartaithe sa chás go bhfuil an fhaisnéis mícheart, neamhiomlán nó míthreorach,
- teacht ar na cúiseanna le cinntí a rinne an Leabharlann sa chás go dtéann siad i bhfeidhm ar an duine go díreach.

Tá na taifid seo a leanas faoi raon an Achta:

- gach taifead a bhaineann le faisnéis phearsanta atá i seilbh na Leabharlainne, is cuma cén uair a cruthaíodh í,
- Gach taifead eile a cruthaíodh ó dháta tosaithe an Achta, an 21 Aibreán 1998, ar aghaidh,
- gach taifead eile a bhfuil gá leis chun taifead reatha a thuiscint.

Tá sé d'oibleagáid ar an Leabharlann freagra a thabhairt ar an iarratas laistigh de 4 seachtaine.

Ba chóir iarratais ar fhaisnéis faoin Acht um Shaoráil Faisnéise a chur chuig:

*Colette O'Flaherty,
Bainisteoir Iarratas SF,
Leabharlann Náisiúnta na
hÉireann, Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.
Teil (01) 6030 200 Facs (01) 6766 690.*

Ba chóir iarratas scríofa a dhéanamh agus a chur in iúl air go bhfuil an fhaisnéis á lorg faoin Acht um Shaoráil Faisnéise.

Má theastaíonn an fhaisnéis i bhfoirm faoi leith, is é sin fótachóip, diosca ríomhaire nó dá réir sin, ba chóir an méid sin a chur in iúl san iarratas.

Tabhair oiread eolais agus is féidir le go mbeidh baill foirne na Leabharlainne in ann an taifead a aimsiú.

Má bhíonn deacracht agat na taifid faoi leith atá uait a aithint, beidh baill foirne na Leabharlainne in ann cuidiú leat an t-iarratas a chur le chéile.

6.2 Cearta Athbhreithnithe agus Achomhairc

Tá réimse díolúintí san Acht chun faisnéis íogair a chosaint nuair a dhéanfaidh nochtadh na faisnéise sin dochar do leas an Stáit nó Tríú Páirtithe. Nuair a ghaireann Roinn nó foras ar na díolúintí seo chun faisnéis a choinneáil siar, féadtar achomharc a iarraidh ar an gcinneadh sin. Féadfar cinntí maidir le hiarchur rochtana a achomharc chomh maith. Seo a leanas sonraí maidir leis na sásraí achomhairc:

6.3 Athbhreithniú Inmheánach

Féadfaidh tú athbhreithniú inmheánach a iarraidh agus déanfaidh an Stiúrthóir é sin sna cásanna seo:

- má bhíonn tú míshásta leis an gcéad fhreagra a fuair tú, mar shampla, faisnéis á coinneáil siar, an cineál rochtana, táillí, srl.,
- más rud é nach bhfuair tú aon fhreagra laistigh de 4 seachtaine tar éis duit do chéad iarratas a chur isteach. Meastar gur diúltaíodh do d'iarratas sa chás seo agus féadfaidh tú dul i gceann athbhreithniú inmheánach mar sin.

Ba chóir iarratais scríofa ar athbhreithniú inmheánach a chur chuig:

*Colette O'Flaherty,
Bainisteoir Iarratas SF,
Leabharlann Náisiúnta na
hÉireann, Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.
Fón (01) 6030 200 Facs (01) 6766 690.*

Caithfear iarratas ar athbhreithniú inmheánach den chineál seo a chur isteach laistigh de 4 seachtaine i ndiaidh an chéad chinnidh.

Ní mór don Leabharlann an t-athbhreithniú a chur chun críche laistigh de 3 seachtaine.

Is gá an t-athbhreithniú inmheánach a chur i gcrích sula bhféadfar iarratas ar achomharc a dhéanamh leis an gCoimisinéir Faisnéise.

6.4 Athbhreithniú an Choimisinéara

Agus an t-athbhreithniú inmheánach curtha i gcrích, d'fhéadfá iarraidh ar an gCoimisinéir Faisnéise athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an gcinneadh fosta. Chomh maith leis sin, mura bhfaigheann tú freagra laistigh de 3 seachtaine tar éis d'iarratas a chur isteach, meastar gur diúltú atá ann agus féadfaidh tú achomharc a iarraidh ar an gCoimisinéir Faisnéise.

Is féidir achomhairc scríofa a chur go díreach chuig an gCoimisinéir Faisnéise:

*Oifig an Choimisinéara Faisnéise, 18
Sráid Líosain Íochtarach, Baile Átha
Cliath 2.
Fón: (01) 678 5222 Facs: 661 0570.*

7. TÁILLÍ

De bhun Alt 47 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 1997, féadfar táillí a ghearradh mar seo a leanas:

- I gcás taifid phearsanta, ní ghearrfar aon táillí as cóip a dhéanamh de na taifid a iarradh ach amháin má bhíonn lear mór taifead ann;
- I gcás faisnéis (neamhphearsanta) eile, d'fhéadfadh sé go ngearrfaí táillí chun an t-am chun taifid a aimsiú agus a chóipeáil a chlúdach, de réir an ghnáthráta san uair. Ní ghearrfar aon táillí i leith an ama a chaitheann comhlachtaí poiblí ar iarratais a mheas.

D'fhéadfadh sé go mbeadh éarlais iníoctha nuair is dócha go mbeadh an táille iomlán ní ba mhó ná £40. Sa chás seo, caithfidh an comhlacht poiblí cúnamh a thabhairt don bhall den phobal, má iarrtar a leithéid, an t-iarratas a leasú leis an éarlais a laghdú nó a bhaint.

D'fhéadfadh sé go ndéanfaí na táillí a tharscaoileadh sna cásanna seo a leanas:

- nuair a bheadh níos mó costais ar bhailiú na táille agus cuntasáocht ina leith ná ar mhéid na táille féin;
- nuair a bheadh an fhaisnéis féin tábhachtach le ceist atá tábhachtach ar leibhéal náisiúnta a thuiscint; nó
- i gcás faisnéis phearsanta, nuair nach mbeadh táillí den chineál sin réasúnta tar éis acmhainní an iarratasóra a chur san áireamh.

Cloifidh an Leabharlann le haon treoirlínte atá leagtha amach ag an Roinn Airgeadais a bhaineann le táillí a ghearradh. Le tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil le:

*Colette O'Flaherty,
Bainisteoir Iarratas SF,
Leabharlann Náisiúnta na
hÉireann, Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2.
Fón (01) 6030 200 Facs (01) 6766 690.*

8. MIONDEALÚ STRUCHTÚRACH AR LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN DE RÉIR RANNÁIN

8.1 Eagar agus Bainistiú

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú faoi choimirce an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

Tá Comhairle Iontaobhaithe ag an Leabharlann, arna bunú faoin Dublin Science and Art Museum Act, 1877. Bíonn naoi gcrúinniú sa bhliain acu ar a laghad agus tugann siad tuairisc don Aire atá freagrach as an Leabharlann.

Tá Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann freagrach as an mbainistíocht inmheánach.

Faisnéis atá ar fáil

Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Iontaobhaithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (Tuarascáil na nIontaobhaithe). Is féidir Tuarascálacha na nIontaobhaithe a fháil ach iad a iarraidh agus iad a bheith ar fáil, i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus, tríd an bpost, ó Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

8.1.1 Aicmí taifead

Tá comhaid in Oifig an Stiúrthóra a bhaineann leis na nithe seo:

- comhfhreagras le máthair-Roinn na Leabharlainne
- miontuairiscí ó chruinnithe de chuid na nIontaobhaithe
- Riarachán na Leabharlainne (sainchomhairleoirí agus baill foirne ar conradh a fhostú san áireamh)
- riarachán airgeadais
- bainistíocht agus forbairt straitéiseach
- forbairt agus bainistíocht foirgneamh
- an preas agus caidreamh poiblí

8.2 Bailiúcháin

Tá feidhmeanna na Leabharlainne amhail sealbhú, catalógú agus aicmiúchán, próiseáil, cothabháil na mbailiúcháin (caomhnú agus caomhantas) agus forbairt na mbailiúchán go léir ríthábhachtach le go mbeidh teacht ar na bailiúcháin atá againn. Tá baill na foirne coimeádaíochta sa Leabharlann freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar na feidhmeanna seo sna réimsí de na bailiúcháin atá faoina gcúram.

8.2.1 Leabhair Chlóite, Nuachtáin agus Tréimhseacháin, Foilseacháin Rialtais, Micreafoirmeacha

Tá an teacht ar leabhair chlóite, nuachtáin agus tréimhseacháin á rialú ag na rialacha ginearálta maidir le cead isteach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is féidir breathnú ar an ábhar seo sa Phríomhsheomra Léitheoireachta nó, más cuí, sa Seomra Léitheoireachta Micreafoirme, faoi réir shrianta na Leabharlainne um chatalógú agus caomhnú na mbailiúchán.

Faisnéis atá ar fáil:

Tá *Rialacha do Léitheoirí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann* ar fáil ach iad a iarraidh ar an Leabharlann.

Tá eolas ar ábhar atá catalógaithe ar fáil sa chatalóg ábhartha de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá treoir ghairid maidir le príomhchatalóga na Leabharlainne le fáil sa bhileog *An Leabharlann Náisiúnta a Úsáid*. B'fhiú breathnú ar shraith [na mbileog faisnéise ginearálta](#) freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó *Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2*.

8.2.2 Priontaí agus Líníochtaí, Grianghraif, Ábhar Gearrshaolach

Is gá coinne a dhéanamh leis an Leabharlannaí atá freagrach as na bailiúcháin le rochtain a fháil ar Phriontaí agus Líníochtaí, Grianghraif agus Ábhar Gearrshaolach na Leabharlainne.

Faisnéis atá ar fáil:

Gheofar faisnéis ar bhailiúcháin ar leith sa chatalóg ábhartha de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá treoir ghairid maidir le príomhchatalóga na Leabharlainne le fáil sa bhileog *An Leabharlann Náisiúnta a Úsáid*.

B'fhiú breathnú ar shraith na mbileog faisnéise ginearálta freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó *Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2*.

8.2.3 Lámhscríbhinní, Léarscáileanna Lámhscríofa

Tá an rochtain ar bhailiúcháin Lámhscríbhinní agus Léarscáileanna Lámhscríofa na Leabharlainne faoi réir *Coinníollacha maidir le Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní a úsáid* agus faoi réir na rialacha ginearálta maidir le cead isteach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Faisnéis atá ar fáil:

Tá an bhileog ina bhfuil na *Coinníollacha maidir le Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní a úsáid* ar fáil ach í a iarraidh ar an Leabharlann Náisiúnta.

Tá faisnéis ar bhailiúcháin atá catalógaithe ar fáil sa chatalóg ábhartha de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Tá treoir ghairid maidir le príomhchatalóga na Leabharlainne le fáil sa bhileog *An Leabharlann Náisiúnta a Úsáid*. B'fhiú breathnú ar shraith na mbileog faisnéise ginearálta freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ó *Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2*.

8.2.4 Taifid atá ar fáil

Tá na comhaid seo a leanas ina measc siúd a bhaineann leis na réimsí éagsúla sna bailiúcháin, ach d'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann:

- cartlanna
- comhfhreagras
- ginearálta
- forshealbhúcháin/sealbhuithe
- ceisteanna taighde
- cláir na mbailiúchán

-
- páipéir a bhaineann leis an *Acht Doiciméidí agus Pictiúirí (Onnmhúiriú do Rialáil), 1945*, a riar (i Rannóg na Lámhscríbhinní amháin)

8.3 Seirbhísí Léitheora

Is é is aidhm do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann seirbhís a chur ar fáil do mhuintir na hÉireann agus do scoláirí agus taighdeoirí ar cuairt.

8.2.1 Faisnéis atá ar fáil

Tá rialacha ginearálta maidir le cead isteach sa Leabharlann, agus rialacha maidir le cead isteach i Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní - atá ar fáil ach iad a iarraidh ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann - leagtha amach i gCuid 9 den doiciméad seo - Leabhar Tagartha maidir le hAlt 16. Tá coinne ag teastáil chun rochtain a dhéanamh ar bhailiúcháin áirithe, grianghraif, priontaí agus líníochtaí, cuir i gcás.

Cuireann an Leabharlann bileoga eolais ar fáil le go mbeidh teacht níos mó ar na bailiúcháin atá againn. Tá obair ar bun ar shraith de bhileoga ar a dtabharfar achoimre ar bhailiúcháin faoi leith agus ar na háiseanna cuardaigh a úsáidtear chun teacht ar an ábhar cuí.

Seo iad na bileoga atá ar fáil faoi láthair:

- Uaireanta Oscailte
- *An Leabharlann Náisiúnta a úsáid*
- *Foinsí don Staidéar Áitiúil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
- *Foilseacháin*
- Sraith d'Eolas Ginearálta:
 1. *An Seomra Léitheoireachta a úsáid*
 2. *Leabhar nó Tréimhseachán a aimsiú*
 3. *Leabhar nó Tréimhseachán a fháil*
- Sraith ar Stair Theaghlaigh:
 1. *An Cuardach a Thosú*
 2. *Cláir Paróistí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
 3. *Taifid luachála*
- An tsraith Seirbhísí Léitheora: *Seirbhísí Athghrafacha - Nótaí agus Moltaí don Phraghasliosta*

- **Foirm iarratais ISSN**
- **Taisce dhlíthiúil** (tá eolas ar na forálacha maidir le taiscí dlíthiúla san Acht Cóipchirt, 1963, i gCuid 9 den Leabhar Tagartha seo)

Tá na bileoga ar fáil ag na pointí eolais éagsúla sa Leabharlann nó, i scríbhinn, ó *Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.*

Seo a leanas uaireanta oscailte na Leabharlainne Náisiúnta:

• An Príomhsheomra Léitheoireachta agus an Seomra Léitheoireachta Micreafoirme	Luan–Céadaoin	10:00 r.n. - 9:00 i.n.
	Déardaoin–Aoine	10:00 r.n. - 5:00 i.n.
	Satharn	10:00 r.n. - 1:00 i.n.
• Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní	Luan–Céadaoin	10:00 r.n. –
		12:30 i.n.
		2:00 i.n. - 8:30 i.n.
	Déardaoin–Aoine	10:00 r.n. –
		12:30 i.n.
		2:00 i.n. – 4:30 i.n.
Satharn	10:00 r.n. –	
	12:30 i.n.	
• Oifig na dTicéad Léitheora	Luan–Céadaoin	10:00 r.n. –
		12:30 i.n.
		2:00 i.n. - 5:00 i.n.
	Déardaoin–Aoine	6:00 i.n. - 8:30 i.n.
		10:00 r.n. –
		12:30 i.n.
	Satharn	2:00 i.n. – 4:30 i.n.
		10:00 r.n. –
		12:30 i.n.

8.2.2 Aicmí na dtaifead atá ar fáil

Ar na comhaid atá i rannóg na Seirbhísí Léitheora sa Leabharlann tá:

- iarratais ar thicéid léitheora agus ar thicéid léitheora lámhscríbhinní, agus na doiciméid a ghabhann leo
- suirbhéanna ar léitheoirí
- moltaí agus gearáin ó léitheoirí
- comhfhreagras

8.2.3 Seirbhísí Oideachais

Tá an Leabharlann tiomanta i dtreo seirbhís taispeántais agus oideachais a sholáthar. Gné thábhachtach dár seirbhís oideachais ná cur i láthair a thabhairt do scoileanna agus do ghrúpaí daoine

fásta ar ghnéithe de na bailiúcháin, iad sin socraithe de réir coinne (tá na coinní sin faoi réir na srianta atá orainn ós rud é go bhfuil tógáil ar bun againn faoi láthair).

Táthar tar éis cuid de thaispeántais na Leabharlainne a oiriúnú mar thaispeántais taistil agus iad ar taispeáint in ionaid éagsúla ar fud na tíre gach bliain.

Seo taispeántais de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá ar fáil faoi láthair i bhformáid taistil:

- *The Irish Face*
- *Ex-Camera, 1860-1960*
- *Seoda ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
- *Albam Teaghlaigh*
- *Yeats and his Circle*

Tá clár foilsitheoireachta na Leabharlainne mar shlí thábhachtach eile atá againn lenár mbailiúcháin a chur i láthair do phobal níos mó. Seo a leanas foilseacháin atá ar fáil faoi láthair:

Leabhair agus leabhráin:

- *The Irish Famine - A Documentary History* leis an Dr Neol Kissane
- *The Brocas Collection: Selective Catalogue* le Patricia Butler
- *Seoda ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
- *Ex Camera, 1860-1960*
- *Parnell - A Documentary History*
- *WB Yeats and his circle*
- *The Irish Face*
- *Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*
- *Cinema Ireland*
- *Páipéir James Joyce/Paul Léon*
- *Newsplan: Treoirlínte maidir le Micreascannánú Nuachtán*

Foilseacháin ar CD-ROM:

- *Cinema Ireland - A Database of Irish Films and Filmmakers, 1896-1986*
- *Fellowship of Freedom: The United Irishmen and the 1798 Rebellion*

Fillteáin de dhoiciméid stairiúla:

- *The Land War, 1879-1903 (Cogadh na Talún, 1879-1903)*
- *Uaisle na Talún*

-
- *Daniel O'Connell* (Dónall Ó Conaill)
 - *Pádraic Mac Piarais*
 - *Ireland 1860-1880 from Stereo Photographs* (Éire 1860-1880 ó Steiréa-Ghrianghraif)
 - *Athbheochan na Gaeilge*
 - *Grattan's Parliament* (Parlaimint Grattan)
 - *James Joyce*
 - *The Past from the Press* (Scéalta Staire ón bPreas)
 - *Ireland from Maps* (Éire ar Léarscáileanna)
 - *Historic Dublin Maps* (Léarscáileanna Stairiúla Bhaile Átha Cliath)

Má bhíonn fáil orthu, is féidir foilseacháin de chuid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a cheannach sa Leabharlann féin nó ó Oifig Díolacháin Fhoilseacháin an Rialtais (Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2). Is féidir iad a ordú ó shiopaí leabhar chomh maith.

Oiliúint agus Forbairt Foirne

Tá Oifigeach Oideachais na Leabharlainne freagrach as oiliúint agus forbairt na foirne fosta.

8.4 An Oifig Ginealais

Is é an phríomhfhreagracht atá ar an Oifig Ginealais armas a dhearadh agus a dheonú do dhaoine agus do chomhlachtaí corparáideacha. Tá Músaem Araltais ann fosta a bhfuil meascán de thaispeántais ann a bhaineann leis an araltas.

Áit lárnach atá san Oifig do dhaoine de bhunadh na hÉireann ar fud na cruinne ar mian leo taighde a dhéanamh ar a n-araltas Éireannach. Dá thairbhe sin, tá an Oifig tar éis a bheith ag feidhmiú mar áis don taighde agus bítear ag cuidiú leo siúd ar mian leo féin taighde a dhéanamh ar stair a dteaghlaigh féin chomh maith leo siúd ar mian leo taighde a choimisiúnú.

8.4.1 Faisnéis atá ar fáil

Tá faisnéis ar fáil ar fheidhmeanna araltais agus ginealais na hOifige ach scríobh chuig *An Oifig Ginealais, 2 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil. 6030 200. Facs 6621 062.*

Gheofar eolas ar ghníomhaíochtaí na hOifige sna *Tuarascálacha bliantúla ó Iontaobhaithe na Leabharlainne.*

Is féidir *Tuarascálacha na nIontaobhaithe* a fháil ach iad a iarraidh agus iad a bheith ar fáil, i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus, tríd an bpost, ó *Rannóg na Seirbhísí Léitheora, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.*

8.4.2 Aicmí na dtaifead atá ar fáil

Is iad na comhaid atá i seilbh na hOifige Ginealais:

- cartlanna
- cláir oifigiúla
- Bronnadh Armais
- Deimhniú Armais
- Ginealaigh

- comhfhreagras
- ginearálta
- ceisteanna taighde (cúrsaí araltais agus ginealais)

- riarachán oifige agus airgeadais

LEABHAR TAGARTHA MAIDIR LE hALT 16: RIALACHA AGUS

GNÁSA LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Faoi Alt 16 den *Alt um Shaoráil Faisnéise, 1997*, ceanglaítear ar gach comhlacht poiblí na nithe seo a fhoilsiú agus a chur ar fáil don phobal:

- "(a) *na rialacha, na nósanna imeachta, na cleachtais, na treoirlínte agus na léirithe a úsáideann an comhlacht, agus innéacs d'aon fhasaigh a choimeádann an comhlacht, chun críocha breitheanna, cinntí nó moltaí faoi réim nó chun críocha aon achtacháin nó scéime a riarann an comhlacht maidir le cearta, pribhléidí, sochair, oibleagáidí, pionóis nó smachtbhannaí eile a bhfuil nó a bhféadfadh sé go mbeidh daoine den phobal ina dteideal nó faoina réir faoin achtachán nó faoin scéim, agus*
- (b) *faisnéis chuí i ndáil leis an modh nó an modh beartaithe ar a riarfar aon achtachán nó scéim den sórt sin.*"

Sa chuid seo den Leabhar Tagartha maidir le hAlt 15 agus Alt 16, tugtar sonraí maidir le rialacha, gnása, srl. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar a bhaineann le hachtacháin nó scéimeanna lena mbaineann Alt 16. Seo a leanas iad:

9.1 Cead isteach sa Leabharlann

- Rialacha do Léitheoirí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
- Rialacháin maidir le húsáid Sheomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní

9.2 Forálacha maidir le Taiscí Dlíthiúla san *Acht Cóipchirt, 1963*

9.3 Forálacha ceadúnais san *Acht Doiciméidí agus Pictiúirí (Onnmhuiú do Rialáil), 1945*

9.1 Cead isteach sa Leabharlann

Den chuid is mó, tá bailiúcháin na Leabharlainne ar fáil le go rachfar i gcomhairle leo i gceann amháin de na trí

Sheomra Léitheoireachta atá sa Leabharlann (an Príomhsheomra Léitheoireachta, an Seomra Léitheoireachta Micreafoirme agus Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní). Tugtar cead isteach chuig gach ceann de Sheomraí Léitheoireachta na Leabharlainne faoi réir *Rialacha do Léitheoirí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann* (féach mír 9.1.2 thíos). Anuas air sin, tugtar cead isteach chuig Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní faoi réir *Rialacháin maidir le húsáid Sheomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní* (féach mír 9.1.3 thíos).

Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na rialacha agus rialacháin seo faoi láthair.

9.1.2 Rialacha do Léitheoirí i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

1. Beidh Ticéad Léitheora bailí de dhíth ar gach duine a úsáideann na Seomraí Léitheoireachta. Fanfaidh Ticéad Léitheora do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ina mhaoín de chuid Chomhairle Iontaobhaithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i gcónaí agus féadfar é a bhaint ón duine in am ar bith mura gcloítear le haon cheann de rialacha na Leabharlainne.
2. Caithfidh gach duine a úsáideann na Seomraí Léitheoireachta cloí leis na treoracha ó bhaill foirne na Leabharlainne.
3. I dtaca le haon duine a thógfaidh leabhar, paimfléad, tréimhseachán, nuachtán, prionta, grianghraf, lámhscríbhinn, micreascannán, micrifís nó aon mhaoín eile de chuid na Leabharlainne go míchuí as na Seomraí Léitheoireachta, nó aon duine a dhéanfaidh damáiste d'aon ghnó do leabhar ar bith, paimfléad, tréimhseachán, nuachtán, prionta, grianghraf, lámhscríbhinn, micreascannán, micrifís nó aon mhaoín eile de chuid na Leabharlainne, déanfar an duine sin a dhíbirt ón Leabharlann láithreach agus pléifear leis nó léi de réir dlí.
4. Ní foláir gach cóta mór, cóta fearthainne, anorac, mála, mála cáipéisí agus mála láimhe a chur sa Seomra Cótaí sa Phríomh-Halla. Is féidir leabhair, comhaid, fillteáin, páipéar agus ábhar scríbhneoireachta a thabhairt isteach sna Seomraí Léitheoireachta.
5. Tá cosc iomlán ar chaitheamh tobac in aon áit ar áitreabh na Leabharlainne.
6. Níl cead bia a ithe ná deoch a ól áit ar bith ar áitreabh na Leabharlainne.
7. Ní ceadmhach do dhaoine aon rud a dhéanamh a chuirfeadh isteach ar léitheoirí agus/nó ar bhaill foirne na Leabharlainne.
8. Tá ciúnas iomlán ag teastáil i rith an ama sna Seomraí Léitheoireachta.
9. Má bhíonn aon díospóid ann i dtaca le ceann ar bith de na rialacha thuas a chur chun feidhme, is ag Stiúrthóir agus Comhairle Iontaobhaithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bheidh an cinneadh deiridh.

9.1.3 Rialacháin maidir le húsáid Sheomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní

1. Tá rialacháin ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i dtaca le hiompar, caitheamh tobac, srl., i bhfeidhm i Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní agus san fhoirgneamh freisin.
2. Caithfidh léitheoirí leabhar an tsínithe a shíniú sa Seomra Léitheoireachta gach lá.

- cead bagáiste ná cotaí a thabhairt isteach sa Seomra Léitheoireachta. Níl cead earraí nach rachaidh isteach i dtaisceadán a thabhairt isteach sa Seomra Léitheoireachta. Ós rud é nach nglacann an Leabharlann Náisiúnta freagracht as earraí a fhágtar i dtaisceadáin, moltar do léitheoirí gan ach páipéar nótaí a thabhairt leo chuig an Seomra Léitheoireachta. B'fhéidir go gcuirfeadh ball foirne srian leis an líon leabhar, srl., a bheadh cead ag léitheoir a thabhairt chun an bhoird.
4. Déantar lámhscríbhinní a eisiúint faoi rogha na foirne. Ní hionann Ticéad Léitheora do na lámhscríbhinní a bheith ag duine agus teacht a bheith ag an léitheoir sin ar gach bailiúchán.
 5. Caithfear lámhscríbhinní a láimhseáil go han-chúramach agus is gá cloí le treoracha na foirne ina leith sin. Níl cead ag léitheoirí lámh ná aon earra a leagan ar leathanach oscailte. Tá seans ann go n-iarrfar orthu lámhscríbhinn a chur ar thacas leabhair. B'fhéidir go n-iarrafaí ar léitheoirí lámhscríbhinní áirithe a léamh ar bhord faoi leith.
 6. Ní dhéanfar lámhscríbhinn a eisiúint ach amháin má bhíonn léitheoir ag an mbord leis an lámhscríbhinn a léamh. Níl cead ag léitheoirí imleabhair ná fillteáin a fhágáil ar oscailt má fhágann siad an seomra agus, más gá, beidh orthu lámhscríbhinní áirithe a thabhairt ar ais don fhoireann gach uair a fhágann siad an seomra.
 7. Ní féidir ach pinn luaidhe a úsáid sa Seomra Léitheoireachta.
 8. Ní thabharfar amach ag aon am amháin ach bosca amháin de pháipéir scaoilte. Ní féidir ach fillteán amháin a oscailt in aon am amháin. I gcás bailiúcháin áirithe, ní thabharfar amach ach fillteán amháin nó níos lú ná sin. Ní mór cnuasaigh páipéar a choinneáil san ord a bhfuil siad ann nuair a fhaightear iad.
 9. Tá cosc ar rianú, ar úsáid ceamaraí agus ar úsáid gléasanna cóipeála. Tá cead ag teastáil chun téipthaifeadáin a úsáid agus ní féidir ceann a úsáid dá gcuirfeadh sé sin isteach ar léitheoirí eile.
 10. Is gá cead foilsithe a lorg ar Chomhairle na nOntaobhaithe agus, más infheidhme, ón úinéir cóipchirt. Ní féidir glacadh le hiarratais ar fhótachóipeanna ach amháin mura mbíonn baol ar bith ann roimh an mbunchóip agus mura mbíonn aon srianta cóipchirt ná deontóra ann. Ní féidir glacadh le horduithe le haghaidh cóipeanna xéaracs ar chúiseanna caomhnaithe.

9.2 Forálacha maidir le Taiscí Dlíthiúla san Acht Cóipchirt, 1963

Tá taisce dhlíthiúil foilseachán arna bhfoilsíú ag foilsitheoirí Éireannacha clúdaithe le hAlt 56 den *Acht Cóipchirt, 1963*, Alt 7 den *Acht um Ollscoil Luimnigh, 1989*, agus Alt 6 den *Acht um Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, 1989*.

I gcomhréir leis na téarmaí in Acht 1963, ceanglófar ar fhoilsitheoirí sa Stát, ar a gcostas féin, cóipeanna dá gcuid foilseachán a chur chuig gach ceann d'ocht gcinn de leabharlanna Éireannacha - Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san áireamh - agus chuig cúig leabharlann sa Bhreatain.

Tá an fhreagracht as an taisce dhlíthiúil a riar i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann socruithe mar seo:

- **LEABHAIR:** *Rannóg na Sealbhúchán (Taisce Dhlíthiúil), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil. 6030 200. Facs 6766 690.*
- **TRÉIMHSEACHÁIN:** *Rannóg na dTréimhseachán (Taisce Dhlíthiúil), Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2. Teil. 6030 200. Facs 6766 690.*

9.3 Forálacha ceadúnais san Acht Doiciméidí agus Pictiúirí (*Onnmhuiriú do Rialáil*), 1945

Déanann an Leabharlann ceadúnais onnmhairiúcháin a eisiúint faoi théarma Acht 1945, arb é seo a leanas téacs an Achta:

1. San Acht seo

folaíonn an focal “doiciméid” aon scríbhinn, tarraingeoireacht, léarscáil, cairt, plan, grianghraf nó scannán; ciallaíonn an abairt “ceadúnas onnmhuirithe” ceadúnas arna dheonadh faoi alt 4 den Acht so; ciallaíonn an abairt “an tAire” an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán.

2. (1) Is earra lena mbaineann an tAcht so gach earra acu so leanas—

(a) aon doiciméid (seachas doiciméid a mbeidh a hiomlán i gcló) ar mó ná céad blian a haois,

(b) aon phinteoireacht,

(c) aon doiciméid a ndearbhófar le hordú arna dhéanamh ag an Aire faoi fho-alt (2) den alt so í bheith ina hearra lena mbaineann an tAcht so.

(2) Féadfaidh an tAire ó am go ham a dhearbhu le hordú aon doiciméid is dóigh leis do bheith inspéise ó thaobh cúrsaí náisiúnta, staire, geinealais nó litríochta do bheith ina hearra lena mbaineann an tAcht so agus féadfaidh aon ordú den tsórt san do chúlghairm.

(3) Féadfaidh an tAire ó am go ham a dhearbhu le hordú aon doiciméid nó pinteoireacht áirithe nó aon doiciméid nó pinteoireacht d'aicme áirithe do bheith eiscthe ó oibriú an Achta so agus aon doiciméid nó pinteoireacht a dearbhófar amhlaidh do bheith eiscthe scoirfidh sí, faid a bheas an t-ordú i bhfeidhm, de bheith ina hearra lena mbaineann an tAcht so, agus féadfaidh an tAire aon ordú den tsórt san do chúlghairm.

3. Ní dleathach do dhuine ar bith aon earra lena mbaineann an tAcht so d'onnmhuiriú mura sealbhóir an duine sin ar cheadúnas onnmhuirithe á údarú an earra d'onnmhuiriú agus mura seachatar an ceadúnas don oifigeach iomchuibhe custam agus máil tráth an onnmhuirithe.

4. (1) Faoi réir fo-ailt (2) den alt so, déanfaidh an tAire, ar iarratas ó dhuine a bheartós earra lena mbaineann an tAcht so d'onnmhuiriú, ceadúnas do dheonadh don duine sin chun an earra d'onnmhuiriú.
4. (2) Má déantar iarratas chun an Aire ag lorg ceadúnais onnmhuirithe chun earra lena mbaineann an tAcht so d'onnmhuiriú, féadfaidh an tAire a iarraidh ar an iarratasóir pé caoi do thabhairt don Aire is dóigh leis is gá chun cóipeanna grianghraftha den earra do dhéanamh laistigh d'am réasúnach, agus sa chás san ní dheonfaidh an tAire an ceadúnas onnmhuirithe mura ndéantar do réir mar bheas iarrtha aige.
5. Má thugann an t-iarratasóir ar cheadúnas onnmhuirithe i leith earra lena mbaineann an tAcht so caoi chun cóipeanna grianghraftha den earra do dhéanamh, féadfaidh an tAire a thabhairt go ndéanfar cóipeanna grianghraftha den earra agus a thabhairt go bhfoillseofar nó go n-úsáidfear in aon tslí is dóigh leis is ceart aon chóipeanna grianghraftha a déanfar amhlaidh.
6. Na costais faoina raghaidh an tAire chun an tAcht so do riaradh, déanfar, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, iad d'foc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas.